Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

# ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003
# SCÉIM TEANGA

## Don tréimhse ó 2021 - Go dtí 2024

**Clár Ábhar**

**Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra .......... 3**
**1.1 Réamhrá .......... 3**
**1.2 Ullmhúchán agus Ábhar na Scéime .......... 3**
**1.3 Dáta tosaigh na Scéime .......... 4**

**Caibidil 2: Forléargas ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann .......... 4**
**2.1 Bunchuspóir agus Cuspóirí eile .......... 4&5**
**2.2 Príomhfheidhmeanna .......... 5**
**2.3 Príomhsheirbhísí .......... 5&6**
**2.4 Custaiméirí agus Cliaint .......... 6**

**Caibidil 3: Sonraí maidir le seirbhísí atá á gcur ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach faoi láthair .......... 6&7**

**Caibidil 4: Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhísí Gaeilge .......... 7-16**

**Caibidil 5: Cur le Cumas Teanga .......... 17**
**5.1 Earcaíocht .......... 17**
**5.2 Oiliúint agus Forbairt .......... 17 - 18**

**Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú .......... 18**

**Caibidil 7: An scéal a scaipeadh maidir leis an Scéim Aontaithe .......... 19**

## Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

### 1.1 Réamhrá

Foráiltear in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 nár foláir do chomhlachtaí poiblí scéim teanga a ullmhú ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

mar aon leis na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís, nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair, a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama aontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanfaidh scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí cibé tráth a dheimhneoidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scéim nua, cibé acu is déanaí.

### 1.2 Ullmhúchán agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim á hullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ina theannta sin, bhí próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ann le páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann tiomanta don phrionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an bunleibhéal éilimh ar shainseirbhísí i nGaeilge atá ann,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i leith na seirbhísí sin a sholáthar, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus inniúlacht an chomhlachta lena mbaineann an cumas teanga is gá a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt do Chustaiméirí. Tá sé mar aidhm aici a chinntiú go dtabharfaidh Comhairle Contae Thiobraid Árann aghaidh iomlán ar na hoibleagáidí ábhartha uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus na scéimeanna a bheartófar amach anseo.

## 1.3 Dáta tosaigh na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tosóidh sí le héifeacht ón _ agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go gcinnteofar scéim nua, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2: Forléargas ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann

Le hachar geografach de 4,282 sq.km agus daonra arb ionann le 159,553 duine, is é Tiobraid Árann an séú contae is mó de na 32 chontae de réir achair agus an t-aonú contae déag is mó de réir daonra. Tá an réigiún mar chuid de mhachaire lárnach na hÉireann, ach tá roinnt sliabhraonta sa tír-raon éagsúil sin, ina measc: Sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh, Cnoic Mhóra na nGaibhlte, Sléibhte Ara agus Sliabh an Airgid. Sileann uiscí sa chuid theas den chontae isteach in Abhainn na Siúire; agus sileann uiscí an tuaiscirt isteach i gcraobh-aibhneacha na Sionainne, a shíneann isteach i Loch Deirgeirt. Níl aon chuid den chontae cois cósta. Tugtar 'Machaire na Mumhan' ar réigiún láir an chontae, stráice saibhir de thalún tréadach in imchuach na Siúire a shíneann chomh fada le contaetha Luimnigh agus Chorcaí. Trasnaíonn príomhbhealaí náisiúnta ar nós M7, M8 agus N24 an contae chomh maith le línte traenacha ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh agus Luimneach, agus ó Phort Láirge go Luimneach.
Tá patrún lonnaíochta éagsúil ag an gContae; is é Cluain Meala an baile is mó ó thaobh daonra de (d. 17,908), An tAonach (d. 8,439), Durlas (d. 7,933), Carraig na Siúire (5,886).

### 2.1 Bunchuspóir agus Cuspóirí eile

**<u>Bunchuspóir</u>**
Tiobraid Árann, áit bhríomhar inar féidir le daoine cónaí, cuairt a thabhairt agus oibriú i ngeilleagar iomaíoch seasmhach, i dtimpeallacht inbhuanaithe agus i bpobal cuimsitheach gníomhach.

**<u>Cuspóirí</u>**
**Is iad seo a leanas ár gceithre théama Straitéiseacha:**

- Ár nGeilleagar – acmhainneacht Thiobraid Árann a fhorbairt trí thacú leis an nuálaíocht, le fás fiontair agus leis an bhfostaíocht inbhuanaithe. Tacú le lucht saothair éagsúil agus oilte chun ár gContae a fheabhsú agus a fhorbairt.

- Ár gComhshaol – tuilleadh forbartha a dhéanamh ar cháil Thiobraid Árann mar chomhshaol ghlas agus inbhuanaithe trínár bpobail a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí chun go mbeidh siad tíosach ar fhuinneamh agus réidh don athrú aeráide. Tacú lenár saoránaigh chun ár gcomhshaol a chosaint do ghlúnta an lae inniu agus do ghlúnta na todhchaí.
- Ár bPobal – leanúint de Thiobraid Árann a fhorbairt mar áit tharraingteach le cónaí inti tríd an gcontae a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe agus tuisceanach. Pobail láidre mhuiníneacha a thógáil, a bhfuil mórtas acu agus atá ionchuimsitheach, cothrom agus eolach. Tacú leis na hEalaíona agus leis an bhFoghlaim ar feadh an tsaoil chun oidhreacht agus cultúr saibhir agus éagsúil a chruthú.
- Ár nDaoine – cur le hacmhainneacht agus le cumas ár lucht saothair thiomanta trí dheiseanna oiliúna agus forbartha a chur ar fáil, a bhfuil sé mar aidhm acu spriocanna na heagraíochta agus spriocanna an duine araon a chomhlíonadh. Daoine a earcú a bhfuil an t-eolas agus na scileanna cuí acu chun luach breise a chur le soláthar seirbhísí poiblí ardchaighdeáin.

**2.2 Príomhfheidhmeanna**

Roinntear príomhfheidhmeanna agus príomhsheirbhísí Chomhairle Contae Thiobraid Árann ina n-ocht gcinn de Ghrúpaí Cláir:

- Tithíocht agus Tógáil
- Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre
- Seirbhísí Uisce
- Dreasachtaí Forbartha agus Rialú
- Cosaint an Chomhshaoil
- Áineas agus Áiseanna
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas
- Ilghnéitheach

**2.3 Príomhsheirbhísí**

**Tithíocht**

**Iompar de Bhóthar & Sábháilteacht ar Bhóithre**

**Seirbhísí Uisce**

**Pleanáil & Forbairt**

**Comhshaol**

**Forbairt Phobail & Gheilleagrach**

**Oifigí Áitiúla Fiontair**

**Seirbhísí Corparáideacha**

**Airgeadas**

**Mótarcháin**

**Seirbhísí Dóiteáin**
**Cosaint Shibhialta**
**Acmhainní Daonna**
**Seirbhísí Leabharlainne**
**Seirbhísí Músaeim**
**Córais Faisnéise**

**2.4 Custaiméirí agus Cliaint**

Seo hiad ár gcustaiméirí agus ár gcliaint

- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- Ranna eile Rialtais
- Saoránaigh/Áitritheoirí/Cuairteoirí, Comhaltaí Tofa agus Comhaltaí Oireachtais.
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN)
- Gníomhaireachtaí Stáit
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Tionól Réigiúnach an Deiscirt
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha eile
- Eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh
- Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla/Grúpaí LEADER
- Earnáil Phríobháideach
- Coiste um Fhorbairt Áitiúil Pobail
- Ionadaithe earnála an Choiste um Beartais Straitéiseacha
- Na Meáin Áitiúla agus Náisiúnta

**Caibidil 3: Sonraí maidir le seirbhísí atá á gcur ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach faoi láthair**

Sonraí maidir le seirbhísí atá á gcur ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach i mBéarla agus i nGaeilge, faoi láthair.

| **Soláthar Reatha Seirbhísí** | | |
|---|---|---|
| **Seirbhísí (Ginearálta)** | **I mBéarla amháin** | **Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge** |
| **Tithíocht** | ✔ | |
| **Iompar de Bhóthar & Sábháilteacht ar Bhóithre** | ✔ | |
| **Seirbhísí Uisce** | ✔ | |
| **Pleanáil & Forbairt** | ✔ | |
| **Comhshaol** | ✔ | |
| **Forbairt Phobail & Gheilleagrach** | ✔ | |

| | | |
|---|---|---|
| **Oifigí Áitiúla Fiontair** | ✓ | |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | ✓ | |
| **Airgeadas** | ✓ | |
| **Mótarcháin**<br>**Seirbhísí Dóiteáin**<br>**Cosaint Shibhialta** | ✓<br>✓<br>✓ | |
| **Acmhainní Daonna** | ✓ | |
| **Seirbhísí Leabharlainne**<br>**Seirbhísí Músaeim**<br>**Córais Faisnéise** | ✓<br>✓<br>✓ | |
| | | |

**Caibidil 4: Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhísí Gaeilge**

**Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, is forálacha éigeantacha iad na forálacha atá scáthaithe sa tábla thíos.**

| **Meán cumarsáide leis an bpobal** | | **Dearbhú** | |
|---|---|---|---|
| **Fógraí Taifeadta Béil** | | **Is i nGaeilge nó go dátheangach a bheidh na fógraí taifeadta béil seo a leanas:**<br><br>**(a) Fógraí taifeadta béil a thugtar ar an teileafón nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;**<br><br>**(b) Fógraí taifeadta béil a tharchuirtear trí chóras fógartha poiblí;**<br><br>**(c) Fógraí taifeadta béil a chruthaítear agus a tharchuirtear trí chóras ríomhairithe teachtaireachta nó trí chóras ríomhairithe freagartha teileafóin.**<br><br>**Baineann an fhoráil seo le fógraí 'taifeadta'** | **Éigeantach** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | seachas le 'fógraí beo'. I gcás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, ceanglaítear ar chomhlacht poiblí úsáid a bhaint as an leagan Gaeilge den logainm a shonraítear san Ordú sin i bhfógraí taifeadta béil a dhéanann sé nó a dhéantar thar a cheann. | |
| **Cumarsáid i scríbhinn** | **Litreacha agus Ríomhphoist** | Tabharfar freagra ar chumarsáid i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. | Éigeantach |
| | **Stáiseanóireacht** | Cuirtear ceannteidil stáiseanóireachta, lena n-áirítear páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh chomhad agus fillteán eile, lipéid agus clúdaigh litreach eile ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. | Éigeantach |
| **Comharthaíocht** | **Comharthaíocht** | Ní mór an chomharthaíocht ar fad a chuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann nó a chuirtear ar a son a bheith i nGaeilge nó dátheangach, de réir na rialachán (I.R. Uimh. 391/2008). | Éigeantach |
| **Foilseacháin** | **Foilseacháin** | Déanfar doiciméid ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. | Éigeantach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Ciorcláin/Cora poist** | **I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó tríd an ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme sin, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.** | **Éigeantach** |
| **An Ghaeltacht** | **Logainmneacha Gaeltachta** | **Úsáidfidh an comhlacht poiblí logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta.** | **Éigeantach** |

| **Meán cumarsáide leis an bpobal** | | **Dearbhú** | **Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ Bhliain 2 / Bhliain 3** |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid ó bhéal | Fáiltiú | • Beidh baill foirne fáiltithe eolach ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge agus beidh siad in úsáid acu go rialta.<br>• Déanfar ainmneacha na mball foirne atá in ann cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge a fhógairt i rannóga éagsúla oifigí an chomhlachta phoiblí agus ag na deasca fáiltithe.<br>• Ní chuirfear moill mhíchuí orthu siúd a lorgaíonn seirbhísí i nGaeilge ag an | **Bliain 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | bhfáiltiú. Cuirfear socruithe i bhfeidhm chun baill den phobal a chur i dteagmháil go tapa leis an oifigeach/na hoifigigh chuí atá freagrach as an tseirbhís atá ag teastáil trí Ghaeilge a chur ar fáil.<br><br>• Beidh seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil ó na rannóga seo a leanas:<br><br>• Ceantar Bardasach Charraig na Siúire<br><br>• Forbairt Phobail & Gheilleagrach<br><br>• Seirbhísí Corparáideacha (Cartlann/Deasc Seirbhísí Custaiméirí/ Réadmhaoin)<br><br>• Comhshaol<br><br>• Airgeadas<br><br>• Seirbhísí Dóiteáin<br><br>• Teicneolaíochta Faisnéise<br><br>• Clár Uiscí Údaráis Áitiúil<br><br>• Seirbhís | **Bliain 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Leabharlainne<br>• Ceantar Bardasach an Aonaigh<br>• Pleanáil<br>• Bóithre<br>• Seirbhísí Uisce<br>• Glacfar le rogha teanga an chustaiméara agus seolfar chuig an oifigeach cuí é. Mura mbíonn an t-oifigeach ar fáil, cuirfear na roghanna seo a leanas ar fáil:<br>- glao ar ais a chur nuair a bheidh Gaeilgeoir le fáil<br>- gnó a dhéanamh trí chomhalta foirne eile a chuireann seirbhís aistriúcháin ar fáil, nó<br>- gnó a dhéanamh trí Bhéarla.<br>• I gcás gach Rannóige eile cuirfear na roghanna seo a leanas ar fáil:<br>- gnó a dhéanamh trí chomhalta foirne eile a chuireann seirbhís aistriúcháin ar fáil, nó<br>- gnó a dhéanamh trí Bhéarla. | |
| | Aghaidh ar Aghaidh/Seirbhís | • Cuirfear liosta | **Bliain 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ag an gCuntar | cothrom le dáta ar fáil de na baill foirne ar féidir leo seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge. | |
| | Lasc-chlár | • Beidh baill foirne na Deisce Seirbhísí Custaiméirí eolach ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge agus beidh siad in úsáid acu go rialta. Beidh siad in ann an glao a aistriú ansin chuig ball foirne eile atá in ann Gaeilge a labhairt.<br>• Cuirfear liosta cothrom le dáta de na baill foirne atá in ann seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge ar fáil d'fhoireann na Deisce Seirbhísí Custaiméirí.<br>• Déanfar ainmneacha na mball foirne atá in ann cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge a fhógairt i rannóga éagsúla na hoifige agus ag an deasc fáiltithe.<br>• Cuirfear socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas gur | **Bliain 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | féidir le foireann na Deisce Seirbhísí Custaiméirí baill den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá ag teastáil trí Ghaeilge a thairiscint, nuair is ann dóibh. | |
| | Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón | De réir na deisce fáiltithe. | **Bliain 1** |
| | Fógraí Taifeadta Béil | • Tá teachtaireachtaí dátheangacha réamhthaifeadta ann le linn agus tar éis gnáthuaireanta oibre. | **I bhfeidhm.** |
| | Fógraí beo | | **Bliain** |
| | Eile | | **Bliain** |
| | Bileoga Eolais/Bróisiúir | • Déanfar athbhreithniú ar gach bróisiúr, bileog eolais agus foirm iarratais atá in úsáid faoi láthair ag Comhairle Contae Thiobraid Árann ar bhonn náisiúnta. Cuirfear leaganacha iomlána dátheangacha ina n-ionad laistigh d’aon chlúdach amháin (ach amháin sa chás nach bhfuil sé indéanta mar gheall ar chineál, | **Bliain 2**<br><br>**Bliain 2**<br><br>**Bliain 2** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | méid nó leagan amach an ábhair). Cuirfear ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle iad chomh maith.<br>• Beidh gach bileog eolais agus gach foirm iarratais nua a chuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar fáil go hiomlán dátheangach agus cuirfear ar fáil iad laistigh d'aon chlúdach amháin (ach amháin sa chás nach bhfuil sé indéanta mar gheall ar chineál, méid nó leagan amach an ábhair).<br><br>Beidh eilimint dhátheangach 10% i ngach bróisiúr nua a chuirfear ar fáil. Méadófar an céatadán sin de réir a chéile le himeacht ama.<br><br>Ní ceadmhach bróisiúir ná bileoga eolais a bheith i mBéarla ach amháin má bhaineann siad le tionscnamh a bhaineann go sonrach le Béarla (e.g. grúpaí drámaíochta/scríbhneoirí Béarla, etc.)<br><br>I gcás bróisiúr, bileog eolais agus foirmeacha iarratais a úsáideann | **Bliain 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Comhairle Contae Thiobraid Árann ach a eisíonn comhlacht eile, iarrfar leaganacha dátheangacha. | |
| | Foirmeacha Iarratais | Mar a luaitear thuas. | |
| | Eile | | **Bliain** |
| Na meáin | Preaseisiúintí | 10% de phreaseisiúintí a fhoilsiú go dátheangach. | **Bliain 1** |
| | Urlabhraithe Meán | | **Bliain** |
| | Óráidí | • Cuirfear mír ghearr réamhráiteach d'ábhar Gaeilge ar fáil in óráidí an Chathaoirligh, nuair is iomchuí.<br>• Is i nGaeilge a deirtear an phaidir roimh chruinnithe na Comhairle. | **Bliain 1**<br><br>**I bhFeidhm** |
| | Eile | • Tá ainm Chomhairle Contae Thiobraid Árann dátheangach ar fhógraí uile na Comhairle. | **I bhFeidhm** |
| Teicneolaíochta Faisnéise | Ríomhphost | • Cuirfimid seoladh ríomhphoist tiomnaithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin le haghaidh fiosruithe i nGaeilge.<br>• Beidh teachtaireachtaí ríomhphoist caighdeánacha, amhail séanadh, dátheangach | **Bliain 1** |
| | Suíomhanna Gréasáin | • Cuirfear leagan aistrithe ar fáil | **Bliain 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | i gcomhair Phríomhleathanaigh Tosaigh na Leathanach Baile Seirbhíse agus na gCeantar Bardasach.<br>• Beidh gach doiciméid aistrithe a fhoilsíonn an Chomhairle le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle. | |
| | Ríomhchórais | • Déanfar an chuid den Inlíon a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a leathnú mar thacaíocht agus mar acmhainn don fhoireann. | **Bliain 2** |
| | Seirbhísí Idirghníomhacha | | **Bliain** |
| | Eile | | **Bliain** |
| Gaeltacht | Cruinnithe | | **Bliain** |
| | Eile | | **Bliain** |

## Caibidil 5: Cur le Cumas Teanga

### 5.1 Earcaíocht

Beidh aird ár mbeartais earcaíochta, atá faoi réir chreatlach na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta, dírithe ar an ngá atá le cumas Gaeilge na foirne a fheabhsú de réir a chéile.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do gach ball foirne nua, ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, lena chinntiú go gcuirfear ar an eolas iad faoi na gealltanais atá orainn faoin reachtaíocht.

### 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil dá bhaill foirne freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, ag brath ar acmhainní. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas faoi na háiseanna/deiseanna atá ann chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

| | | Dearbhú | Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ Bhliain 2 / Bhliain 3 |
|---|---|---|---|
| **Cur le Cumas sa Ghaeilge** | Earcaíocht | • Cuirfear riachtanais na rannóg maidir le bheith in ann seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil trí Ghaeilge san áireamh nuair a bheidh baill foirne á gcur nó á n-aistriú.<br>• Déanfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna athbhreithniú ar an mbeartas earcaíochta, agus an gá atá le hinniúlacht sa Ghaeilge (idir scríofa agus ó bhéal) á chur san áireamh aici – ní mór aghaidh a thabhairt air seo de réir an Bheartais Náisiúnta Earcaíochta. | **Bliain 1**<br><br>**Bliain 1** |
| | Oiliúint agus Forbairt | • Cinnteoidh an Chomhairle go dtabharfar an spreagadh agus an deis chéanna do na baill foirne go léir a gcuid | **Bliain 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | scileanna Gaeilge a fheabhsú trí chúrsaí oiliúna agus forbartha ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar shrianta buiséadacha.<br>• Áireoidh an Chomhairle feasacht agus oiliúint teanga mar chuid den tsraith cúrsaí oiliúna Seirbhísí Custaiméirí. Lorgóidh an Chomhairle oibrithe atá sásta seirbhísí Gaeilge a sholáthar ar fud na heagraíochta.<br>• Cinnteoidh an Chomhairle go dtabharfar tacaíocht chuí do bhaill foirne atá sásta cabhrú le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.<br>• Déanfar feasacht agus oiliúint Gaeilge a ionchorprú i gClár Oiliúna Bliantúil na Comhairle ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar shrianta buiséadacha. | |
| | Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a sholáthar | • Féachfaidh an Chomhairle le deiseanna, gníomhaíochtaí agus acmhainní a shainaithint d'fhonn feasacht agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn tuilleadh i measc fhoireann na Comhairle agus i measc an phobail i gcoitinne. | **Bliain 2** |
| | Eile | | |

**Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na scéime ag Seirbhísí Corparáideacha. Is é an teagmhálaí don scéim seo ná David Coleman, Oifigeach Riaracháin, Rannóg Seirbhísí Corparáideacha *Teileafón: 0761 06 5000 Ríomhphost: david.coleman@tipperarycoco.ie*

Déanfar tuairisciú ar chur i bhfeidhm córas foirmiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge inár dTuarascáil Bhliantúil.

## Caibidil 7: An scéal a scaipeadh maidir leis an Scéim Aontaithe

Déanfar an scéim seo a phoibliú go hinmheánach agus go seachtrach araon, trí phreaseisiúint ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear chuig na baill foirne agus chuig na gníomhaireachtaí cuí go léir é. Féadfar modhanna eile a úsáid chun poiblíocht a dhéanamh ar an scéim freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraímid i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú trí na modhanna seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach faoin rogha atá acu a gcuid gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a thaispeáint ag na deasca fáiltithe a léiríonn go bhfuil seirbhísí i nGaeilge ar fáil;

- na seirbhísí seo a liostú in áit fheiceálach ar ár suíomh gréasáin;

- a chur in iúl ar threoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil i nGaeilge freisin, mura gcuirtear ar fáil go dátheangach iad;

- An tábhacht chéanna a thabhairt d’ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.